

## Aided Diarmada meic Fergusa Cerrbeoil

### The Death of Dermot son of Fergus Cerrbeoil

#### Section 1

Dia mbúi Diarmait mac Fergusa ceirrbeoil for  
loingius ó Thuathal maelgarb

for loch rib ocus for Sinaínn .

isin aimsir sin tra [ms. trath] do luid Ciarán  
mac in tshaoir

do gabáil a mainistrech

co druimm tibrat

áit a fil cluain macc Nóis inniudh.

ochtár for loch do théigedh (.i. do chuaid)  
Ciarán

ocus dá chét déc for thír.

Tráth dá raibh Diarmaid mac Fhearghasa  
Ciorrbheoil ar díbirt ag Tuathal Maolgharbh

ar Loch Ríbh agus ar an tSionainn,

tháinig Ciarán mac an tSaor an uair sin

go Droim Tiobrad,

mar a bhfuil Cluain Mhac Nóis inniu,

chun a mhainistir a bhunú.

Bhí Ciarán ag teacht le hochtar ar an loch

agus dhá chéad déag ar thír.

It was when by Tuathal Maelgarb once Fergus  
Cerrbeoil's son Dermot was driven into  
banishment

on Loch Ree and on Shannon: —

Now in that same time it was that Ciarán mac  
an tSaor came

to Druim Tibrat

(the spot where Clonmacnoise stands to-day)

to found his monastery.

With eight upon the loch Kieran travelled,

but with twelve hundred on land.

ataiter teni oc na cléirchib.

D'adaigh na cléirigh tine.

A fire is kindled by the clergy.

## Section 2

Is ann búi Diarmaid ina loingius ic snám dá  
eon for Sinainn

.i. dá én ro marb Nár mac Finnchad mic  
Conaill cernaigh

for gualainn Eistine banfhéinnedha [*ms. b-*  
*fheinnigh*] ann

conad de ráiter snám dá én.

abertsat a dráidhi fri Diarmait:

“in ní dia fataigter in teni út anocht ní  
báidfigter” ar siat.

“bud hinnoss ón” or Diarmait

oc tiachtain na luingsi co port ngrencha

áitt a bful tipra Fhingin andiu [*ms. innidh*].

Is é áit ina raibh Diarmaid, agus é ar dibirt, ag  
Snámh Dá Éan ar an tSionainn

(.i. dhá éan a mharaigh Nár mac Fionnchaidh  
mhic Conaill Chearnaigh

ar ghualainn Eistíne, banfhéinní, ansiúd

agus is dá bharrsan a thugtar Snámh Dá Éan  
air).

Dúirt a dhraoithe le Diarmaid:

“Tá a leithéid de chuíos le hadú na tine seo  
anocht nach múchfar í choíche.”

“Anois a dhéanfar sin,” arsa Diarmaid

agus an loingeas ag teacht go Port Greancha

mar a bhfuil Tiobra Fhinín inniu.

Where Dermot in his banishment was just then  
was at Snámh Dá Én \*on the Shannon\*

(that is to say: two birds that Nar son of Conall  
Cernach's son Finncha killed

there on Eistine the Amazon's shoulder,

whence it is named Snámh Dá Én, i.e. ‘two  
birds’ swimming-place’).

Said his wizards to Dermot:

“the purpose for which yon fire is kindled to-  
night is such that it never will be quenched.”

“Verily it shall be even now [that the  
quenching will be done],” Dermot said,

as the boats came to Port-grencha,

where Tipra Finghin is to-day.

### Section 3

Is ann sin búi in clérech ic sádhud eculsa in tan sin.

“cissi hopair dogní?” or Diarmait.

“eglais beg do chumtach” ol Ciarán.

“cumma dono gid edh a hainm” ar Diarmait:  
“eclais bec.”

“sáid in cleith lium” ol Ciarán fri Diarmait:

“ocus léic mo lám uas do láim

ocus biaid do lámsa ocus do righi

for feraib Erenn sul bus tráthsa nach  
noirrther.”

“cinnus dogéntar ón?” ar Diarmait:

“ár atá Tuathal i righi nErenn

ocus atúsa for innarba.”

“is folaidh dia in nísín” ol Ciarán.

Bhí an cléireach ag sá-bhunú eglaise ansiúd ag an am.

“Cad tá ar siúl agat?” arsa Diarmaid.

“Ag tógáil eglaise bige,” arsa Ciarán.

“Níor mhiste gurbh é sin, Eaglais Bheag, a hainm,” arsa Diarmaid.

“Sáigh an chleith liom,” arsa Ciarán le Diarmaid,

“agus lig do mo lámh a bheith anuas ar do lámhsa

agus beidh do lámhsa agus do réimeas

ar fhir Éireann roimh an tráth seo amanathar.”

“Conas a dhéanfar sin?” arsa Diarmaid,

“mar tá Tuathal ina rí ar Éirinn

agus táimse ar ionnarba.”

“Sin é gnó Dé,” arsa Ciarán.

There it was that the cleric was in act to plant a church.

“What is the work thou doest?” Dermot asked.

“To build a little church,” Kieran answered.

“That might as well be its name: *Eglais Bheag*, i.e. ‘little church.’ ”

“Thrust in the upright with me,” Kieran said to Dermot,

“and [as we do it] suffer my hand to be put over thine;

so shall thy hand and thy royal rule

ere this time after to-morrow have been imposed on the men of Ireland.”

“How will that be effected;

for Tuathal rules over Ireland

and I am driven out?”

Kieran replied: “that is a matter for God.”

luidh Mael mór ú hArgata comalta Diarmata  
co hairmm immbúi Tuathal oc grellaigh eilti  
fri ross ech inairdes  
ocus ro sídh in tsleg immbruinni Thuathail  
co farcaib cin anmain .  
marbtar dono Moel mór fó chétóir inn  
conad de ráiter echtra Máil móir .  
do conallaib Murtemne dono Moel mór .  
rop é sin in tress comalta do Diarmaid  
.i. Luchta átha ferna ocus Enna mac ú Laigsi  
in dá comalta ali.  
ro rígsat iarum fir Eirenn in tí Diarmaíd siu ro  
bo cenn sechtmaini.

Chuaigh Maol Mór ua hArgada, comhalta  
Dhiarmada,  
mar a raibh Tuathal ag Greallach Eilte lastoir  
theas de Ros Each,  
agus sháigh a shleá in ucht Thuathail  
agus d'fhág ar lár marbh é.  
Maraíodh Maol Mór ar an toirt;  
is uaidh sin an scéal Eachtra Mhaoil Mhóir.  
Ba de Chonaille Mhuirtheimhne, más ea, Maol  
Mór.  
Ba dhuine de thriúr comhalta do Dhiarmaid é,  
Luchta Áth Fearna agus Éanna mocu Laoise  
an dá chomhalta eile.  
Rinne fir Éireann ansin Diarmaid a ríogadh  
sula raibh an tseachtain slán.

Dermot's foster-brother, Maelmór ú Argata,  
went [at the time predicted]  
to the place where Tuathal was, at Grellach-  
eilte south-east of Ros-ech,  
and into Tuathal's breast drove a spear  
so that he left him lifeless:  
a deed for which Maelmór is himself killed  
presently,  
and hence the tale called *Echtra Mhaeilmhóir*,  
i.e. 'the romance of Maelmór'  
(now Maelmór was of the Hy-Conall of  
Murthemny,  
and third foster-brother to Dermot:  
Luchta of Ath-ferna and Enna mac ú Laighse  
were the others).  
Hereupon, before it was a week's end, the men  
of Ireland inaugurated Dermot king.

## Section 4

Dogníther mórdáil Uisníg la Diarmait ocus la firu Erenn um beltaine .

ár roptar iat trí harddála Erenn issin aimsir sin

.i. dál Uisníg um beltaine .

ocus aenach Taillten im lugnassa .

ocus féiss Temrach im shamfhuin .

ocus cid bé no ticedh tairrsib sin ó feraib  
Erenn

ba bidba báis in tí no milledh in cáin sin.

ticc fiss ó Diarmait co Ciarán do techt isin dáil .

ocus ticc féin co cnoc mBracáin ina agaid

ocus búi i comnaide and .

Tionáladh Mordháil Uisnígh le Diarmaid agus  
le fir Éireann um Bealtaine,

mar ba iad trí ard-dála Éireann an t-am úd ná

Dáil Uisnígh um Bealtaine,

Aonach Tailtean um Lúnasa,

agus Feis Teamhrach um Shamhain

agus cibé d'fhir Éireann a choillfeadh iadsan,

a bhrisfeadh an dlí sin, bhí breith bháis air.

Chuir Diarmaid fios ar Chiarán teacht chun an  
tionóil,

agus tháinig sé féin go Cnoc Bracáin ina  
choinne

agus rinne sos nó cónaí ann

By Dermot and by the men of Ireland the great  
congregation of Usnach is held now at  
Beltane;

for at that time Ireland's three high gatherings  
were these:

the congregation of Usnach, at Beltane;

the convention of Taillte, at Lammas;

the feast of Tara, at *samhain* [All-Hallows];

and whosoever of the men of Ireland should  
have transgressed these,

the same [I say] that should have violated this  
their ordinance, was guilty of death.

From Dermot to Kieran comes a message  
procuring him to join the gathering,

and the king himself proceeds to Cnoc-brecáin  
to receive him;

there he made halt to wait,

conad de sin dogarar tilach na comnaide.

luid iarum Ciarán dia shaighid.

“cid fil and tra” ar Diarmait:

“ár is ann so ro cétnomraicseam

iar ngabáil ríge damsá triat bennachtainsi

in mag so amail atá

cona damaib ocus cona buaib duitsi a fót fri  
haltóir.”

bái náma do’n rígh isin magh

i. Flann find macc Díma

ó a ráiter telach Díma nó tilach Fhloinn .

loiscte a thech oc an rígh

agus is uaidh sin atá Tulach na Cónaí mar  
aimn air.

Chuaigh Ciarán chuige ansin.

“Sea, anois, más ea,” arsa Diarmaid,

“ós rud é gur anseo a chasamar ar a chéile don  
chéad uair

tar éis dom an ríocht a bhaint amach trí do  
bheannachtsa,

bíodh an machaire seo mar atá,

lena dhaimh agus lena bha, agat mar fhód  
altóra.”

Bhí namhaid don rí ar an machaire

i. Flann Fionn mac Dhíoma,

ónar tháinig an t-ainm Tulach Dhíoma, nó  
Tulach Fhlionn.

Loisc an rí an teach

whence Tulach na Comnaidhe [i.e. ‘hill of  
halting’] is denominated.

Kieran repaired to him accordingly.

“Why, how now,” Dermot said:

“since here it is that, for the first time

since I by thy benediction attained to the  
kingdom,

we are met now;

be this stretch of land as it is

(with its oxen and with its kine) made over to  
thee by way of ‘altar-sod.’ ”

But in this same plain was one that was an  
enemy to the king:

Flann \*Find\*, son of Dima

(from whom Tulach Dhíma or Tulach Fhlainn  
is named).

The king [finding himself in the  
neighbourhood] has Dima’s house burnt,

ocus gontar astigh é.

luid in tóglaech i ndabaig fotraiccthi búi isin  
tigh

conad innti fuair bás.

“is luath tánacais tar do thimna” ar Ciarán fri  
Diarmait

“ár sárgud mun ferann tucais dúind .

cid fil ann tra” ar sé “acht ní  
benubsa nem ná talam fort fén ná for do  
clainn .

acht in aidhed [*ms. aig.*] do fuair sin letsa

bid sí sin aidhed do gébasa

.i. guin ocus bádud ocus loscadad.”

“atagat a chléirigh” ar Diarmaid

agus goineadh Díoma istigh ann;

d’imigh an laoch isteach i ndabhach foltha a  
bhí sa teach

agus is inti a fuair bás.

“Is luath a choill tú do thiomna,” arsa Ciarán  
le Diarmaid,

“dár sárú maidir leis an bhfearann a thug tú  
dúinn.

Ach, fág sin,” ar sé, “ní bhainfidh mé neamh  
ná talamh díot fén ná de do chlann,

ach an íde a fuair seisean uaitse,

gurb í sin an íde a gheobhaidh tusa

.i. goin agus bá agus loscadh.”

“Tá scanradh orm, a chléirigh,” arsa Diarmaid,

and within it the owner is wounded sore;

which warrior [seeking to evade the flames]  
gets into a bathing-vat that is in the dwelling,

and there expires.

“Right soon thou hast transgressed thy  
covenant,” Kieran said to Dermot,

“seeing that in the matter of the land thou  
grantedst us thou hast already done us  
violence.

Yet in any case,” he went on, “nor from  
thyself nor from thy children will I take either  
Heaven or Earth [i.e. joys of the one, temporal  
possessions of the other];

but the violent death which he there hath  
gotten by thee,

that shall be the very one which thou too shalt  
have:

to be wounded, and drowned, and burnt.”

“Cleric,” said Dermot, “I am terrified:

“do óighriar duit.”

“nító” ol in clérech: “in turchur tuccassa [ms. tucusa]

rotngona de mina tegba samlaid.”

conad de do rat bás Diarmata amail ro tarrngairedh.

“breith do bhéil féin duit.”

“Ní ghlacfaidh mé leis sin,” arsan cléireach.  
“An t-urchar a thugas,

gur de a ghoinfear mé mura dtarlaíonn amhaidh.”

Uime sin a thug sé bás Dhiarmada chun críche mar a tairngreadh.

thine own assessment I award thee in satisfaction of the deed.”

“Nay,” the cleric answered: “the missile that I have delivered,

by that same I may myself be hurt to death if it fall not out so.”

And hence it was that Dermot’s death was indeed brought about as had been promised.

## Section 5

Lotar diblínaib in rí ocus in clérech  
i comdáil fer nErenn co hUisniuch  
ocus bátur coicdighis ann.

dusfic tart mór dóib isin dáil  
gur bo guasacht dá ndaoinib  
ocus gur bó marb a cetri co mór.

Chuaigh siad araon, an rí agus an cléireach,  
go comhdháil fhir Éireann in Uisneach  
agus bhí siad coicís ann.

Tháinig triomach mór orthu sa tionól  
i dtreo go raibh na daoine féin i mbaol mór  
agus gur cailleadh a lán dá n-eallach.

The two of them, king and cleric, repaired  
to Usnach, joined the congregation of the men  
of Erin,  
and there they were for a fortnight.

In which meeting a mighty thirst [i.e. drought]  
afflicted them;  
so that their human were in strait peril,  
and their four-footed perished largely.

lotar iarum a muinigin Chiaráin im fhurtacht dóib.

dogni Ciarán irnaighти ocus tic flechad ann sin

dofarcaib dá prímglaisi déc an Erinn i comarta na mírbaile .

conid de sin dlighis Ciarán in chána choitcinn fó Erinn.

ro slécht Diarmait do Chiarán ann sin a fiadnaise fer nEirenn

ocus do rat a maincine ocus mainchini a chlainni do tré bithu.

Ansin chuaigh siad i muinín Chiaráin le cabhair a fháil.

Rinne Ciarán guí agus tháinig báisteach ansin

rud a d'fhág dhá phríomhshruthán déag in Éirinn mar chomhartha na míorúilte.

Is dá bharr sin is dual do Chiarán an cháin choiteann ar fud Éireann.

Shléacht Diarmaid do Chiarán ansin i bhfianaise fir Éireann

agus thug a sheirbhís féin agus seirbhís a chlainne dó go brách.

Then they had recourse to Kieran,  
to find them succour.

Kieran made prayer, and there came then a wet [i.e. rain]

that in token of the miracle left twelve main streams in Ireland;

whence it is that Kieran is entitled to a general cess throughout Ireland.

In presence of the men of Ireland there Dermot made obeisance to Kieran,

and settled on him his own service and his children's for ever.

## Section 6

Búi dono Ciarán i naenach Taillten im lugnasa  
iar sin

ocus doróine firta imda ann ocus mírbaili  
aidhble [ms. aible].

is and sin imorro dorónad in firtsá

Bhí Ciarán, más ea, in Aonach Tailtean um Lúnasa ina dhiaidh sin

agus rinne a lán fearta agus míorúiltí móra ann.

Is ansin freisin a rinne sé an mhíorúilt seo

Following which again at Lammastide Kieran was in the convention of Tailte,

where he worked wonders many, and miracles exceeding great.

There too it was that this prodigy was operated,

.i. duine tuc luigi néithig fó láim Ciaráin

co raibi bainne aillsi for a muinél

condechaid a chenn de .

co mbái i fiadnaisi fer nErenn oc imtecht ocus  
sé gan chenn isindaenoch .

conad é sin in bacucc búi i gcluain fri tréimsi  
fota .i. fri ré secht mbliadan oc na manchaib.

bói Diarmait iar sin i ríghi nErenn fri ré fota.

ocus ní tánic isna haimseraib sin rí

bud áiniu ná bud óirdnigi

ná bud ferr cruth nó delb nó ergna nó innscni  
nó ríge innás.

.i. thug duine leabhar éithigh faoi láimh  
Chiaráin,

agus tháinig ailse bhraonach ar a muineál

agus thit an ceann de;

agus bhi sé ansiúd i radharc fhir Éireann agus  
é ag imeacht faoin aonach, gan ceann air.

Ba é siúd an bacach a bhí i gCluain ar feadh  
tamall fhada (.i. ar feadh seacht mbliana) ag na  
manaigh.

Bhí Diarmaid tréimhse fhada ina dhiaidh sin  
ina rí ar Éirinn,

agus níor tháinig san am úd rí

ba ghlórmhaire, b'ónóraí,

ná b'bhearr cruth nó deilbh nó eagna, nó  
urlabhra, nó réim ná é.

viz. a man that took a perjured oath \*under  
Kieran's hand\*:

and in consequence there came a running ulcer  
in his neck,

whereby his head fell off him;

so that in presence of the Men of Ireland he  
went about in the gathering and he without a  
head.

Which man was the *bacuc* whom for a length  
of time (for seven years, that is to say) the  
monks had in Cluain.

After this, for a long period Dermot reigned in  
Ireland;

neither came there in those times a king

that was grander, that was more revered,

or that in figure and in face, in wisdom, in  
speech, in royal rule, was more excellent than  
he.

## Section 7

Fechtas do Diarmait i Temraig oc fledugud .

Mugain ingen Conraidh mheic Duach do Eoghanacht chaissil for a láim

.i. máthair Aedha mheic Diarmata .

torrach annsin dono for Aedh sláine .

do lotar dono ammach forsin faithchi in líon ro bátar oc in ól dia ninnfhuaradh.

ambátar ann confhaccatar cucu [ms. qq] ua Diarmata isin faithchi .i. Suibne mac Colmain móir.

cét marcach ro b' é a líon .

ti dubglass[a] co lúbán (sic) airccit imm leith in dírma

ocus lenna corccra imman lith anaill co corrtarib óir ocus arccait .

Bhí Diarmaid tráth ag caitheamh fleá i dTeamhair.

Bhí Mughain iníon Chonchraídh mhic Dhuach d'Eoghanacht Chaisil láimh leis;

ba ise máthair Aodha mhic Dhiarmada,

agus bhí sí ag iompar Aodh Sláine ag an am.

Amach ar an bhfaiche leo, a raibh ann díobh, ag ól, is é sin, á bhfionnuaradh féin.

Agus iad ansiúd chonaic siad chucu ar an bhfaiche garmhac Dhiarmada .i. Suibhne mac Colmáin Mhóir.

Céad marcach líon a shlua.

Bhí fallaingí dúghlasa le siogairlíní airgid ar leath an díorma,

agus brait chorcara le scothóga óir agus airgid ar an leath eile.

It was once upon a time that Dermot feasted:—

Mughain, daughter of Conraidh mac Duach of the Eoganacht of Cashel, was at his hand

— she that was mother of Dermot's son Aedh,

which same Aedh Slaine she carried at the time.

They then, so many as had been at the carouse, stepped abroad upon the green to cool themselves

and, as they were there, saw draw near them on the sward Dermot's nephew, Suibhne son of Colman More.

A hundred riders, that was his number:

dark grey mantles with clasps of silver wrapped one half of the troop,

and about the other were crimson cloaks with fringes of gold and silver;

eich dubglas a fó leith in tslóig .

gabra geala fó'n leith ale .

caeca mílcon co slapradaib créuma forro .

scéith copradacha foraib uile.

amail do riacht Suibne issin airecht

géisis brú na mná .i. Mugaine

co clos fá'n airecht uili.

“cid so a ben?” ol Diarmaid:

“in ar an ngilla atá th’ aire?”

“ní tú in fáid” ol Becc mac Dé:

“atá fáid occut.”

“finntasa dono” ar Diarmaid “órot fáid.”

Eich dhúglas a faoi leath an tslua,

agus capaill gheala faoin leath eile;

bhí caoga mílchú acu agus slabhraí créumha  
orthu;

sciatha cabhraíocha á gcosaint uile.

Agus Suibhne ag teacht isteach sa  
chomhthionól,

lig broinn na mná, .i. Mughain, béis aisti

agus chualathas í faoin gcomhthionól go léir.

“Cad é seo, a bhean?” arsa Diarmaid,

“an ar an ógánach atá aird agat?”

“Ní tú an fáidh,” arsa Beag Mac Dé,

“ach tá fáidh agat.”

“Faighse amach, más ea,” arsa Diarmaid, “ós  
fáidh tú.”

under one half of the band were dark grey  
horses,

and white under the other;

fifty greyhounds they had with bronze  
chains on them,

and all had bossy shields slung.

Even as Suibne entered the assembly,

the woman (Mughain namely) uttered a loud  
inarticulate cry

that was heard throughout all the company.

“Woman, what may this be?” Dermot asked:

“is it on the lad just come thy mind is bent?”

Said Beg mac Dé: “thou art indeed no prophet;  
but thou hast a seer.”

“Discover the matter then, since thou art a  
prophet.”

“rotfetarsa dono” or Becc: “in mac fil i  
mbroinn na mná  
is é muirfius in gilla nucut.”  
ba fíor son .

ro marb Aed sláini Suibne.

ro fhácaibsen mac .i. Conall mac Suibne  
conad é sín ro marb Aed sláini doridisi .  
is de ro chet in rann:—

“Ní fó airmirt in araille .  
do na hócaib a turime;  
Conall rombíth Aed sláini .  
Aed sláini rombíth Suibne”

.i. Conall mac Suibni issé ro marb Aed sláine  
oc loch semdidhe.

Aed gustan comalta Conaill

is é ro marb Aedh buidhe rí Tefha a mbruidin  
dá choco ocus Aedh róin rí ua Foilghe i  
noenló.

“Tá a fhios agam,” arsa Beag; “an mac atá i  
mbroinn na mná

is é a mharóidh an t-ógánach úd.”

B’fhíor dó.

Mharaigh Aodh Sláine Suibhne.

D’fhág sé mac .i. Conall mac Shuibhne  
agus eisean a mharaigh Aodh Sláine arís.

Is faoi sin a canadh an rann:

“Ní fónta eager an áirimh  
A dhéanann cuid de na laochra;  
Is é Conall a mharaigh Aodh Sláine;  
Is é Aodh Sláine a mharaigh Suibhne.”

Is é sin gurb é Conall mac Shuibhne a  
mharaigh Aodh Sláine ag Loch Seimhdí.

Aodh Gusdan, comhalta Chonaill,

is é a mharaigh Aodh Buí rí Theafa i mBruíon  
Dá Choga agus Aodh Róin, rí Ua bhFailí san  
aon lá amháin.

“I know it,” said Beg: “the son that the woman  
carries,

he it is that shall slay yonder stripling.”

That was true:

Aedh Slaine did [afterwards] kill Suibne,  
who left a son (Conall mac Suibne)  
and he again slew Aedh Slaine.

It was concerning this that a quatrain was  
uttered: —

“Not aright do some of the young men  
cast up their accounts:  
it was Conall that slew Aedh Slaine  
because Aedh Slaine had slain Suibne.”

That is to say: Conall mac Suibne, he killed  
Aedh Slaine at Loch Sewdy;

Aedh Gustan, \*Conall’s foster-brother,\*  
he in the one day slew Aedh Buie king of  
Teffia, and Aedh Róin king of Offaly in  
Bruidhen Dáchoga;

conid í cétfhingal clainni Colmáin ocus síl  
Aedha sláini ann sin

.i. Aedh sláine do marbad a bráthar .i. Suibne  
mic Colmáin .

ocus mac Suibni .i. Conall dia marbad som  
ann sin.

Sin é ansin céad fhionail chlann Cholmáin  
agus shíol Aodh Sláine

.i. Aodh Sláine a mharú a bhráthar .i. Suibhne  
mac Colmáin,

agus mac Shuibhne .i. Conall á mharú-san dá  
bharrsan.

and this was the first fratricide of clan-Colman  
and of Aedh Slaine's seed,

i.e. Aedh Slaine to kill his kinsman, Suibne  
son of Colman;

and Suibne's son Conall to kill him in lieu of  
it.

## Section 8

In Becc mac Dé sin dana is é fáid as ferr bái  
ina aimsir .

is é adubairt frisin triar iar tiachtain dóibh a  
dúnadh Themrach amach.

“maith thra” ol in triar:

“Becc chugainn amne .

abéram fris .

fochen a Bicc.”

“maith” ar Becc.

Beag Mac Dé a luadh, ba é sin an fáidh is fearr  
a bhí ann lena linn.

Is é a thug freagra ar an triúr ar theacht as  
Teamhair amach dóibh.

“Sea, más ea,” ar siad triúr,

“seo chugainn Beag.

Déarfaimid rud éigin leis.

Fáilte romhat, a Bhig.”

“Gurab amhlaidh daoibh,” arsa Beag.

Now that same Beg mac Dé, 'tis he was the  
best seer that was in his time;

he too it was that to certain three just issued  
out of Tara said a cunning thing:

“good now,” the three had said,

“so hither Beg comes to us;

we will e'en say something to him:

Beg, all hail.”

“Tis well,” quoth Beg.

“cia hairet beithir isin dúnad?” ol fer díob.

“cia doimne in abann?” ol araile.

“cia tige na sailli a mbliadna?” ol in  
tres fer.

“pas go tóin amarach” ar Beg.

is é ro aiglestar in naenmhur  
ocus dobert aenaithesc dóib  
gonusícc na noe naithesca.

is é dono ro ráidh fri Diarmait mac Cerpaill  
isin Temraig

dia mbátar in taes admolta ag moladh in righ  
ocus a shídha ocus a shobés .

ro bói Aed dubh mac Suibne mac ríg dál  
nAraidi for béláib Bic meic Dé .

ocus Diarmait ro marb in Suibne sin

“Cé chomh fada is a bheidh cónaí ar dhaoine  
sa dún?” arsa fear diobh;

“cé chomh domhain is atá an abhainn?” arsa  
fear eile.

“cé chomh ramhar is atá saill na muice i  
mbliana?” arsa an tríú fear.

“Bás go tóin amárach,” arsa Beag.

An fear céanna a d’agaill naonúr  
agus thug an t-aon fhreagra amháin orthu  
agus a d’fhreagair leis sin a naoi ráiteas.

Is é leis a labhair le Diarmaid mac Cearbhaill i  
dTeamhair

nuair a bhí lucht a mhórtha ag moladh an rí  
agus a shíthe agus a shobhéas;

bhí Aodh Dubh mac Shuibhne mac rí Dhál  
Araide os comhair Bhig Mhic Dé;

agus is é Diarmaid a mharaigh an Suibhne sin,

“How long will there be dwellers in the fort  
out of which we come?” asked the first man of  
them.

“What is the river’s depth?” said the second.

“What is the thickness of bacon-fat this year?”  
asked the third man.

“*Pas go tóin amárach*,” answered Beg.

He it was that spoke with nine at once,  
and delivered them a single discourse  
that satisfied [i.e. answered and resolved] their  
nine discourses addressed to him.

Yet again he it was that in Tara enunciated to  
Dermot son of Cerbhall

(what time the official panegyrists lauded the  
king, his peace and his good ways) as thus:

Black Aedh son of Suibne, i.e. son of the king  
of Dalaradia, was in front of Beg mac Dé

(now it was Dermot that had slain that Suibne,

ocus ro gab Diarmait in mac for altrum .i.  
Aedh dub mac Suibni .

condebairt Bec: “atchiusa in coin conamail  
loitfios in síd sainemail.”

“a Bic cia cú?” ar Aodh.

“cú ruad cú áirithe bés is tú” ol Bec [ms. hipic  
ciæ quo araoth qur. quairie pes is tua alpec].

“caide amae?” ol Diarmait.

“ní annsa. in lámsa amne Aodha duib” ar Bec:

“is é dobéra dhigh thondaigh it beola a tigh  
Banbáin brughaid

ocus léne oenroisni immut

ocus bratt oenchaerach .

ocus cuirmm oenghráinne it curn .

ocus saill muicci ná ro genair for do méis .

agus thóg Diarmaid an mac ar altram .i. Aodh  
Dubh mac Shuibhne

agus dúirt Beag: “Feicim an cú conúil a  
loitfidh an sídhún sainiúil.”

“A Bhig, cén cú?” arsa Aodh.

“Cú rua, cú áirithe — b’fhéidir gur tú,” arsa  
Beag.

“Conas sin?” arsa Diarmaid.

“Ní ansa. Lámh seo Aodha Dhuibh,” arsa  
Beag,

“is í a thabharfaidh deoch bháis i do bhéal duit  
i dteach Bhanbháin, brughaidh,

agus beidh fallaing ó aon síol lín umat

agus brat d’olann aon chaorach;

i do chorn beidh cuirm aon ghráinne;

agus saill muice nach rugadh riamh ar do  
phláta;

and taken his son Aedh mac Suibne to rear),

and Beg said: “I see the gallant wolfdog that  
shall spoil the brilliant mansion.”

“What hound is that, Beg?” asked Aedh.

“A *cú ruadh* [wolf] — some *cú* or other — it  
might well be thyself,” Beg replied.

“How could that be?” queried Dermot.

“Easily said: that hand of Black Aedh’s

it is in sooth that in the house of Banbhan the  
hospitaller shall make a poisoned draught to  
enter thy mouth,

there being about thee at the same time a shirt  
derived from a single flax-seed,

with a mantle produced from a single sheep;

in thy horn: ale brewed from a single grain of  
corn;

on thy plate: bacon of a pig that never was  
farrowed;

ocus issí ochtach in tighi .i. féicc thuitfios it chenn  
iar th' airlech ód naimtib."

"Aedh Dub do marbad" or cách.

"nató" ol Diarmait: "acht dlomfaiter do as indErinn amach chena ocus ní taidheolla céin bám beosa."

cuirter iar sin Aedh dub i crích nAlban for innarba la Diarmait.

ocus nír léiced indErinn iartain céin bái Diarmait i ríghi.

agus is í maide mullaigh an tí, na frathacha, a thitfidh ar do cheann  
tar éis do do naimhde eirleach a imirt ort."

"Maraítear Aodh Dubh," arsa cách.

"Ná déantar," arsa Diarmaid, "ach díbrítear as Éirinn amach é agus fad is beo dom ní thríallfaidh sé ar ais uirthi."

Ansin cuireadh Aodh Dubh ar ionnarba le Diarmaid go críoch Alban,

agus níor ligeadh ar ais go hÉirinn é ina dhiaidh sin fad a bhí Diarmaid i réim.

while 'tis the main beam of the house — the ridgepole — that  
(after thy foemen shall have as good as done thee to death)  
shall fall on thy head."

"Black Aedh to the slaughter," all cried out.

"Not so," said Dermot: "but be he removed forth out of Ireland, and so long as I live he shall not revisit it."

By Dermot thereupon Black Aedh is in exile relegated to the land of Scotland

nor, so long as Dermot lived, was he readmitted into Ireland.

## Section 9

Bái tra cáin ocus smacht ocus recht Diarmata fó Erinn co coitchenn .

bátar a maeir ocus a rechtaireda ocus a fhianna for coinmedh sechnón [ms. sethnon] Erenn.

Bhí dlí agus smacht agus reacht Dhiarmada i bhfeidm ar fud Éireann go coiteann.

Bhí a mhaoir, a reachtairí, agus a fhianna ar coinmheadh ar fud Éireann.

Dermot's tribute, and discipline, and law prevailed in Ireland generally:

his stewards and his managers, also his regular soldiers in their billets, were throughout Ireland up and down.

lotar i crích Connacht in inbaid sin máir ocus baccláim ocus callaire [ms. cuallaire] in rígh i mailli fris .

ocus is éisidéin no bíodh [ms. bith] ic irfhócrá rompo

do'n tigh dia téighdís for oedhoighecht (*sic*) .

is amlaid dogníodh in callaire a irfócrá

.i. dorus in bali ocus in chaisteoill a rachtáis a minugud rempu

ocus contoigecht gáí Diarmata tarsno inn .

ní lámtha la hómun indríg cin a dhénúm sin rompo.

diabal imorro is é ro ling isin challaire do fhasluch in uilcc sin fair

ar dáigh cu ro fhásad olcc budh mó de.

Chuaigh sé, faoin am sin, agus maoir agus bacaigh, agus callaire an rí farais, go críoch Connacht;

an callaire a bhíodh rompu á fhogairt

don tigh chuig a dtéidís ar aíocht.

Is mar seo a dhéanadh an callaire a fhógra:

doras an áitribh agus an chaisleáin ina rachaidís a leagan rompu

agus fad ga Dhiarmada a bheith de leithead ann.

Ní leomhthaí, le eagla an rí, gan sin a dhéanamh rompu.

Diabhal, áfach, is ea a phreab sa challaire ag áiteamh an oilc sin air

le súil go bhfásfadh olc níos mó as.

At this particular time the king's stewards and sergeants accompanied him into Connacht;

also the king's herald, that used to precede them and to make proclamation

to any such house at which in quest of guestly entertainment they arrived.

And thus it was that the crier heralded them,

viz. to the effect that the town's gate, or the castle's, into which they had to pass must be demolished before them

so that Dermot's spear should pass in athwartwise;

a thing which (for the king's fear) there was none dared but to perform before them.

But Diabolus — he it was that violently possessed [lit. 'jumped into'] the crier now to urge the following evil thing upon him,

to the end evil greater yet should come of it.

## Section 10

Lotar fecht ann do thegh Aedha guaire  
i crích Máine i Connachtaib  
ocus rop égen a chaistiall sin do brisiud rempo  
ocus ria ngái in ríg.  
rusgab iarum ferg in tí Aedh ocus marbus gilla  
in gái .i. in callaire .  
ocus do chóid for teichem Diarmata iar sin i  
crích Músgraidi  
for comaircci espoic Senaigh .  
ár dá derbshiair máthair espoic Senaigh ocus  
máthair Aedha guairi.  
táncic espoc Senach leis iar sin co Ruadhán  
lotra  
ocus do rat ar chomairce Ruadáin é.  
dá shiair ro bátar oc Ruadán .i. Coel ocus  
Ruadhnat .  
ocus is iat sin ro oil espoc Senach [ms.  
Senaidh].

Chuaigh siad tráth go teach Aodh Ghuaire  
i gcrích Mhaine in gConnachta,  
agus b'éigean a chaisleán a briseadh rompu  
agus roimh gha Dhiarmada.  
Tháinig fearg ansin ar an rí Aodh agus  
mharaigh sé giolla an gha .i. an callaire  
agus d'imigh ar a theitheadh ansin ó  
Dhiarmaid go críoch Mhúscrai  
ar choimirche an easpaig, Seanach;  
mar beirt deirfear ab ea máthair an easpaig,  
Seanach, agus máthair Aodh Ghuaire.  
Tháinig an t-easpag Seanach leis \*iar sin\* go  
Ruán Lothra,  
agus chuir faoi choimirce Ruáin é.  
Beirt deirfear a bhí ag Ruán .i. Caol agus  
Ruanat.  
Iadsan a d'oil an t-easpag Seanach.

For they came once to Aedh Guaire's house  
in the land of Hy-Many in Connacht,  
whose castle must needs be breached before  
them and the king's spear.  
Then anger took Aedh; he slew the 'lad of the  
spear' (the crier namely)  
and anon, to escape Dermot, fled into the land  
of Muskerry  
and under protection of bishop Senach,  
for the bishop's mother and Aedh Guaire's  
were two sisters.  
Subsequently Senach the bishop brought him  
to Ruadhan of Lorrha  
and committed him to his safeguard;  
for two sisters that Ruadhan had: Cael and  
Ruadhnait,  
it was they that had reared bishop Senach.

ro hidhnaiccedh imorro Aedh guaire la  
Ruadán co Bretnu  
ár ní ro fhét beith indErind la Diarmait.

bái iarum do méd smachta Diarmata  
ocus a neirt for chách co nár fhét beth in  
Albain ná i mBretnaib oca .

co tánic indErinn doridissi co Ruadán  
gur foilgedh i talmain oc Ruadán.  
is ann búi Ruadán in tan sin áit a fuil  
poll Ruadáin innidh.

ro hinnised do Diarmait Aedh guaire do  
toigecht co hErinn doridisi  
ocus a beith i bhfoluch i talmain oc Ruadán.

Sheol Ruán, áfach, Aodh Ghuaire go dtí an  
Bhreatain  
mar nár fhéad sé fanacht in Éirinn le  
Diarmaid.

Ach, \*faoi dheoidh,\* bhí an oiread sin  
smachta agus cumhactha ag Diarmaid ar chách  
nár fhéad sé fanacht in Albain ná sa Bhreatain  
dá bharr.

Tháinig sé go hÉirinn arís go Ruán  
agus chuir Ruán i bhfolach sa talamh é.

Is é áit ina raibh Ruán an uair sin mar a bhfuil  
Poll Ruáin inniu.

Inseadh do Dhíarmaid Aodh Ghuaire a theacht  
arís go hÉirinn  
agus a bheith a bhfolach sa talamh ag Ruán.

By Ruadhan Aedh Guaire was bestowed  
among the Britons however,  
for by reason of Dermot he might not be  
anywhere in Ireland.

But such was Dermot's influence and power  
over others that because of him Aedh  
ultimately could not be either in Scotland or  
with the Britons;

so that he returned to Ireland to Ruadhan,  
who had him hidden under ground.

Where Ruadhan was then was at the spot in  
which Poll Ruadháin [i.e. ‘Ruadhan’s Pit’] is  
to-day.

It was told to the king that Aedh Guaire was  
come to Ireland again,  
and that Ruadhan held him concealed in the  
earth.

## Section 11

Luid Diarmait iarum do shaighid Ruadáin iar sin

ocus ro chuir a ara carpaít uadh do thabairt Aedho guairi ar écin amach ó Ruadán .

do chóid imorro in gilla isin regles ocus berar a ruscc uadh fó cétóir.

ros gab ferg imorro in rí de sin

ocus tánicc féissin co hairm ambúi Ruadán

ocus ro fiarfaig do Ruadán

cia hairm ambúi Aedh guaire .

ár ro fhidir ná habrad Ruadán brég.

“ní fhetarsa” or Ruadán “cia hairmm atá

acht minab fil fout áit atái.”

Chuaigh Diarmaid ansin ar thóir Ruáin iar sin

agus chuir sé a ara carbaid uaidh le hAodh Ghuaire a bhreith ar éigean amach ó Ruán.

Chuaigh an giolla isteach sa séipéal agus baineadh a radharc de ar an toirt.

Tháinig fearg, más ea, ar an rí dá bharrsan

agus tháinig féin mar a raibh Ruán

agus d’fhiafraigh de Ruán

cá raibh Aodh Ghuaire,

mar bhí a fhios aige nach n-inseodh Ruán bréag.

“Ní fheadar cá bhfuil sé,” arsa Ruán,

“mura bhfuil sé fút mar a bhfuil tú.”

Then Dermot repaired to Ruadhan,

and despatched his charioteer to recover Aedh Guaire from him forcibly.

The young man entered into the sanctuary, but on the instant was deprived of his eyes.

The king being now wroth at this,

he came to Ruadhan

and enquired of him

(for he knew that Ruadhan would not tell a lie)

where was Aedh Guaire.

Ruadhan made answer: “verily I know not where he is,

if he be not under thee even where thou art.”

do chóid in rí ass in regles amach iartain  
ocus ní tard dia óidh andébairt in clérech.

ro athchuimníg ann sin ina menmain andébairt  
Ruadán  
ocus forfetair conad i talmain fói ro búi Oed  
guaire.

táinnic Diarmait doridisi issin regles  
ocus atchonnairecc in choinnill for adhnad issin  
talmain fói  
áit ambúi Oedh guaire.  
ocus ro chuir Diarmait fer dia muir .i. Donnán  
a ainm do shaigid Aedha .

ocus ro gab for tochuitl in talman fair  
ocus ro benad a sedh fó chétóir as a lámaib.

tánnic co Ruadán iar sin ocus ro shléacht dó

D'imigh an rí as an séipéal amach ansin  
gan aird a thabhairt ar a ndúirt an cléireach.

Ach ina dhiaidh sin rinne sé athmhachnamh  
ina aigne ar a ndúirt Ruán  
agus bhí a fhios aige gur sa talamh faoi a bhi  
Aodh Ghuaire.

Tháinig Diarmaid arís isteach sa tséipéal  
agus chonaic sé an choinneal ar lasadh faoi sa  
talámh  
mar a raibh Aodh Ghuaire.

Chuir Diarmaid duine dá mhuintir, dárbh ainm  
Donnán, ag triall ar Aodh  
agus chrom seisean ar an talamh a thochait os  
a chionn  
ach baineadh a neart as a lámha ar an toirt.

Tháinig sé chun Ruáin ansin agus shléacht dó

The king departed out of the sanctuary then,  
nor any more heeded that which the cleric had  
said;  
but in his mind afterwards he recalled to  
memory Ruadhan's utterance,  
and recognised that in the ground under him  
where he had stood Aedh Guaire was.

\*Dermot returned to the sanctuary,  
and he saw a lighted candle beneath him in the  
ground  
where Aedh Guaire was.\*

He deputed a man of his people (Donnan was  
his name) to go down to Aedh,  
over whose head the same fell to dig away the  
earth;  
but his arms were reft of their power  
presently.

Thereupon he came to Ruadhan and made  
obeisance to him;

ocus ro sléacht in fer do dallad remi .

ocus ro bátar a fail Ruadáin iar sin

ocus is iat ata naeim a poll Ruadáin inidh.

tánic dono Diarmait féisin issin rigles .

ocus do rat féin Oedh guairi as in talmain

ocus is é sin poll Ruadáin aniu.

ructha laisin rígh Oedh a forcomul co Temraig

co ro crochta oca é isin glés doróine.

agus shléacht an fear a dalladh roimhe sin dó;

d'fhanadar ina dhiadh sin fara Ruán,

agus is iadsan na naoimh atá (faoi onóir) i  
bPoll Ruáin inniu.

Ach tháinig Diarmaid féin chun an tséipéil

agus rug sé féin Aodh Ghuaire leis as an  
talamh

ar a dtugtar Poll Ruáin inniu.

Thug an rí Aodh i ngeimhlibh leis go  
Teamhair

le go gcrochfaidís é in éiric na cleasaíochta a  
rinne sé.

the man also that previously was blinded made  
obeisance,

and thenceforth they abode with Ruadhan:

which two it is that to-day are reputed saints at  
Pollruane.

Now came Dermot himself into the church

and took Aedh Guaire out of the hole in the  
ground,

which to-day is called Pollruane.

By the king Aedh was brought in bonds to  
Tara,

where in recompense of all his contrivance  
Dermot would have had him hanged.

## Section 12

Do chóidh Ruadhán co Brénainn mbirra ar sin

dia breth i ndeoidh a chomairce

D'imigh Ruán ansin go Bréanann Bhiorra

lena bhreith leis ar lorg an té a bhí faoina  
choimirce.

Ruadhan in the mean time had sought out  
Brendan of Birr

for the purpose of taking him with him to  
retrieve his protégé,

ocus lotar diblínaib co Temraig .

bátar iar sin ac iarair a comairci ar in rígh .

isvertsom nár dlecht do'n eglais comairce do dénum forsin tí no millfed in recht rígda .

ár búi sárugud dé ocus daoine ann.

ro gabsat na cléirigh iar sin salmu escaine

ocus ro bensat a cluco forsin rígh.

atbathatar dá mac rígh déc i noenuair i Temraig indoidhci sin .i. dá dalta déc do'n rígh .

táncatar a naidedha do shaidin na cléireach  
ocus bátar ocá [ms. oco a] nertugud im tathbeoghugud na mac.

rogníset irnaighthi ocus ro tathbeogadh na micc.

Chuaigh siad araon go Teamhair.

Bhí siad ansin ag lorg an té a bhí faoin gcomairce ar an rí.

Dúirt seisean nár chóir don Eaglais comairce a thabhairt don té a mhillfeadh reacht an rí,

mar gur bhain sárú Dé agus daoine leis sin.

Ghabh na cléirigh ansin sailm na mallacht

agus bhual a gcloig in aghaidh an rí.

Fuair dháréag mac rí, dháréag dalta leis an rí,  
bás san aon uair i dTeamhair an oíche sin.

Tháinig a n-oidí chun na gcléireach  
agus bhí siad á ngríosadh na hóganaigh a athbheou.

Rinne siadsan urnaí agus tháinig an t-anam  
arís sna h-ógánaigh.

and the pair went on to Tara.

There they demanded of the king to have him whose safety Ruadhan had guaranteed;

but Dermot answered that to him who should have infringed royal law the Church had no right to extend immunity,

for that in so doing a violation of right both human and divine was inherent.

The clerics chanted psalms of commination now,

and rang their bells against the king.

That night, and in the one instant, died in Tara twelve sons of chiefs that were twelve in pupilage to the king;

whose respective guardians came to the clergy and with persistence exhorted them to resuscitate the youths.

The saints prayed, and the lads were recalled to life.

## Section 13

Bliadain lán dóib iar sin oc escaini Diarmata  
ocus oc imirt mírbul fair .  
ocus dobeired Diarmait firt for araile dóib.  
nír chuimgiset iarum nach ní dó  
nó cor gellsat nem do'n ferthigis  
conaprad fria Diarmait na cléirig do chaithem  
[ms. chathaim] a cotach.

luid in feirtighis co Diarmait  
ocus innisid dó na cléirig ac caithem a cota .  
conad amlaid sin fuaratar boeghal troiscçi fair.  
  
atchí Diarmait aislingthi in oidhci sin  
.i. crann móir do beith i Temraig

Chaith siad bliain ionlán ina dhiadh sin ag  
eascainí ar Dhíarmaid  
agus ag déanamh míorúiltí ina aghaidh,  
agus thugadh Diarmaid feart ar fheart dóibh.  
Níor fhéad siad aon lámh a dhéanamh air \*faoi  
dheoidh\*  
nó gur gheall siad neamh don stíobhard  
ach go ndéarfadh sé le Diarmaid gur chaith na  
cléirigh a gcuid bia.

Chuaigh an stíobhard go dtí Diarmaid  
agus inseann dó go raibh na cléirigh ag  
caitheamh a gcoda,  
agus ar a tslí sin fuair siad buntáiste troscайдh  
air.

Feiceann Diarmaid aisling an oíche sin  
.i. crann móir a bheith i dTeamhair

For a full year after this they anathematised  
Dermot  
and plied him with miracles,  
he giving them back prodigy for prodigy.  
But in the long run they prevailed nothing  
over him  
until to the house-steward,  
by way of procuring him to tell the king that  
now at last the clergy partook of a refection,  
they made promise of Heaven.

The house-steward went to Dermot  
and told him that the clergy ate a meal,  
so that in this wise [for it was not true] they in  
the matter of fasting won an advantage over  
him.

That night Dermot saw a dream:  
that in Tara was a great tree,

ocus a barr do rochtain co neola nime

agus a bharr ag sroicheadh nélalta neimhe

the top of which reached to the clouds of heaven

ocus a fhoscudh tar Erinn uili.

agus a scáth thar Éirinn uile.

and its shade over all Ireland.

atchí caecait [ms. 1.] ngall ocus dá gall  
aireghda atorro ac tescad in croinn .

Feiceann sé caoga Gall, agus beirt Ghall uasal  
ina measc ag teascadh an chrainn.

Fifty foreigners he saw (and among them two leading strangers) that felled the tree,

ocus cach ní no bendáis de no ícadhsom fó  
cétóir

Agus gach a dteascaidís de cuireadh seisean ar  
ais slán ar an toirt;

but all that which they chopped from it was continually made good again \*by him\* forthwith;

cur chuirset [in] oenfecht eisim ó'n chrann  
ocus cur trascuirset é .

ach chuir siad, le chéile, ón gcrann é agus  
threascair an crann,

\*together\* they put him from the tree and laid it prostrate,

conad é fuaim in chroinn ac tuitim ro dúisig  
eisim.

agus ba é fuaim an chrainn ag titim a dhúisigh  
é.

so that it was the falling tree's crash that awoke him.

“fior ón” ol Diarmait: “misi in crann

“Is fior seo,” arsa Diarmaid. “ Mise an crann

“Even so,” Dermot said: “I am the tree;

ocus is iat na gaill oca letradh na cléirigh oc  
timdibe mo shaegail .

agus is iad na cléirigh ag gjorrú mo shaoil na  
Gaill ag leadradh an chrainn.

the foreigners that chop it are the clergy cutting short my life,

ocus is leo ro thuitessa [ms. thuitisa].”

Agus is leo a thitfidh mé.”

and by them also am I fallen.”

## Section 14

Atracht in rí iarna márach ocus do chóid co hairmm a rabatar na cléirig.

“olc a ndernsabair” ar sé

“mo fhlaithessa [ms. fhlaithiusa] do lot ar bithin dam oc díten na firinni.”

“cid fil ann” ar Diarmait

“corop sí cétfairche millter indErinn t’fhairchese a Ruadáin . ocus do mhanaig dot fhácbál!”

“gu rab scíth lim co luath ar do rígise” ar Ruadán.

“bud fás do chathairse a Ruadain” ar Diarmait .

“ocus toichélait mucca a reilci.”

“bud fás Temair dono” ol Ruadán

“ocus ní bia áitreb co bráth innti.”

“go rab aithis for do chorpsa” ol Diarmait .

D’éirigh an rí lá arna mhárach agus chuaigh mar a raibh na cléirigh.

“Is olc a rinne sibh,” ar sé,

“mo fhlaitheas-sa a lot toisc mé a bheith ag cosaint na córa.

Cibé scéal é,” arsa Diarmaid,

“gurab i d’fhairche-se, a Ruáin, an chéad fhairche a mhillfear in Éirinn, agus go dtréige do mhanaigh thú!”

“Gura luath do réim ar feo liom,” arsa Ruán.

“Beidh do mhainistirse folamh, a Ruáin,” arsa Diarmaid,

